

☼ An Lúibín ☼

31 Deireadh Fómhair 2010

Fógraí Gael-Cheanadacha

1. Deireadh Seachtaine lán-Ghaeilge, 12 -14 Samhain 2010 ag Laurentian Lodge, Prévost, QC.

http://www.comhra.org/mambo/index.php?option=com_content&task=view&id=38&Itemid=45

2. Lá Oibre. Gaeltacht Thuaisceart an Oileáin Úir, Tamworth/Erinsville Ontario. Dé Sathairn, 6 Samhain 2010. Tuilleadh eolais: bowesjulie@sympatico.ca.

3. Cumann na Gaeltachta. Cruinniú Ginearálta chun plean suímh agus plean gnó a phlé, Dé Sathairn, 6 Samhain 2010, 7:00 – 9:00. Gaeltacht Thuaisceart an Oileáin Úir, Tamworth/Erinsville Ontario. Tuilleadh eolais: aralt@anghaeltacht.ca.

4. Oireachtas Gaeilge Cheanada, 1 – 3 Iúil 2011, Gaeltacht Thuaisceart an Oileáin Úir, Tamworth/Erinsville Ontario. Tuilleadh eolais: aralt@anghaeltacht.ca.

5. Cúrsa Ullmhúcháin TEG, 13 – 15 Bealtaine 2011, Gaeltacht Thuaisceart an Oileáin Úir, Tamworth/Erinsville Ontario. Tuilleadh eolais: aralt@anghaeltacht.ca.

□□□□

Daonscoil Astrálach 2011

Cúrsa cónaithe seachtaine d'fhoghlaimoírí, do chainteoirí leathlíofa agus do chainteoirí lánlíofa. Ó 9 Eanáir 2011 go dtí 16 Eanáir 2011 ag Lake Dewar Lodge in Myrniong in Victoria.

Féach an léarscáil ag <http://www.myrniong.com/about.php>.

Tuilleadh eolais: feedback@gaeilgesanastrail nó 0405 210 149.

Féach freisin www.gaeilgesanastrail.com.

◆◆◆◆◆◆◆◆◆◆

Liam S. Gógan

An Irish-language poet of European bent, a philologist and a man of odd loyalties.

Ar 12 Deireadh Fómhair bhí an Dr Louis de Paor (UCG) ag caint ar 'Liam S. Gógan: Irish-Language Poet and 1916 Rising Veteran' ag seimineár léinn Éireannaigh in Melbourne. Thug sé cuntas bríomhar ar dhuine de na filí agus na scoláirí Gaeilge ba shuimiúla de chuid an fichiú haois: Liam S. Gógan, fear a raibh clú air tráth den saol agus a bhfuil suim ag teacht arís ann.

Rugadh Liam S. Gógan sa bhliain 1891 i mBaile Átha Cliath. Sólaisteoir rathúil ba ea a athair, agus bhí idir a athair agus a mháthair ina náisiúnaithe. Bhain sé amach céim i gColáiste na hOlscoile Baile Átha Cliath agus bhí sé ar na chéad mhic léinn i nDámh an Léinn Cheiltigh. Sa bhliain 1913 fuair sé post san Iarsmalann Náisiúnta, agus ghnóthaigh sé MA sa bhliain 1924.

Bhí baint ag Gógan le Conradh na Gaeilge, agus i nGaeilge a chum sé a chuid filíochta. Lean sé bealach an náisiúnachais mar ba dhual athar dó, agus bhí sé ina Rúnaí Cúnta ar Óglaigh na hÉireann idir na blianta 1913 agus 1915, rud a ghríosaigh an Iarsmalann chun bata agus bóthar a thabhairt dó tar éis Éirí Amach 1916. Sacadh i gcampa géibhinn é, agus ar fhilleadh abhaile dó bhí sé ag obair don Chonradh agus do Shinn Féin. Fuair sé a sheanphost ar ais sa bhliain 1922.

Is iomaí saothar próis a tháinig óna lámh – ailt agus eile faoi chúrsaí seandálaíochta, focleolaíochta agus staire. Chuidigh sé leis an Athair Pádraig Ó Duinnín eagrán nua dá fhoclóir mór a chur amach, agus lean sé air i mbun foclóireachta go deireadh a shaoil. (Dúirt sé gurb eisean a chum an focal ‘poblacht’.)

Bhí cáil air mar fhile, ach b’fhile neamhchoitianta é i saol na Gaeilge – an-suim aige i litríocht na Gearmáinise, na hIodáilise agus na Fraincise, a lán aistriúchán déanta aige agus rian na hEorpa ar a shaothar féin. Deir criticeoirí éigin go bhfuil a chuid dánta róshaothraithe, ach is é tuairim Louis go bhfuil sofaisticiúlacht ar leith ag baint leis an gcuid is fearr acu. Ach is é an dán is mó a raibh éileamh air ‘Na Coisithe,’ píosa simplí a thaitin le daltaí:

I gcoim na hoíche cloisim iad
Na coisithe ar siúl,
Airim iad, ní fheicim iad,
Ní fios cá bhfuil a gcuaird...

An lé a bhí aige le cultúr na Gearmáine spreag sí é chun taobhú leis an nGearmáin sa Dara Cogadh Domhanda, mar a rinne roinnt poblachtánaithe eile. Bhí meas aige ar eachtraí Mussolini sna tríochaidí – rud a bhí coitianta go leor ag an am. Dúirt Louis go gcaithfí breis taighde a dhéanamh ar an dearcadh úd a bhí aige i leith na Gearmáine. (Ní dócha gur frith-Sheimíteachas a bhí i gceist, agus dán leis ag moladh bhunú stát Iosrael sa bhliain 1948.)

Dúirt Louis gurbh aisteach an rud é Gógan a dhul i ndearmad chomh tapa sin tar éis a bháis agus a ainm chomh tréan sin i mbéal an phobail tráth. B’fhéidir go raibh baint ag an scéal le deacracht a shaothair agus gan a ndóthain Gaeilge ag mic léinn ónóracha féin anois chun é a léamh gan stró.

Féach <http://gogan.ie/biography.php>.



Rogha teangacha

Some in Ireland advocate less teaching time for Irish and more for other languages.

Ba chóir leath an €1.2 billiún a chaitear ar Ghaeilge i scoileanna na hÉireann a chaitheamh ar theangacha iasachta, go háirithe Sínis, Fraincis agus Gearmáinis. Sin mar a deir an Dr Edward Walsh, acadóir agus aighneasóir. Is minic mo dhuine ag lochtú bheartas an Roinn Oideachais, agus é á mholadh nach mbeadh iachall ar dhaltaí scoile Gaeilge a fhoghlaim níos faide ná trí bliana, rud a d’fhagfadh slí sa churaclam do theangacha eile. Ba chóir cultúr na hÉireanna a mhúineadh mar chuid de shiollabas na Gaeilge ach gan an teanga a mhúineadh do dhaltaí ar an meánscoil mura bhfuil an-suim acu inti.

Tá tábhacht le tuairimí den saghas seo sa mhéid go n-aontódh a lán leo, a bheag nó a mhór. Ní shéanfadh mórán ná gur mhaith an rud é teangacha eile a shaothrú, ós léir, gan trácht ar aon rud eile, go bhfuil poist le fáil dá bharr. Is gearr, mar shampla, ó d’fhógair Hewlett-Packard go bhfuiltear chun 120 post nua a chruthú i mBaile Átha Cliath agus go dtabharfar seachtó ceann acu do dhaoine a bhfuil Fraincis, Gearmáinis agus Iodáilis ar a dtoil acu. Is cinnte nach Éireannaigh a gheobhaidh na poist sin. B’fhiú a fhiafraí, áfach, cén fáth nach féidir Gaeilge a mhúineadh le héifeacht ó thús agus teanga eile a mhúineadh ina teannta.

Deir cuid de lucht lucht gnó na hÉireann gur mithid modhanna teagaisc a athrú agus gheilleagar ann anois atá taobh le heolas agus seirbhísí. Moltar, mar shampla, go dtabharfaí níos mó airde ar an matamaitic, ós ábhar anailíseach í agus í an-oiriúnach dá bharr do gheilleagar eolais.

Mar a deir alt de chuid an *Sunday Independent*, áfach, taispeánann na figiúirí gur mó go mór an líon daltaí cliste atá déanamh Gaeilge san Ardteist ná mar atá ag déanamh matamaitice, matamaitic fheidhmeach agus fisice le chéile.¹ Sa bhliain 2009 rinne timpeall 14,650 dalta onóracha i nGaeilge agus rinne 14,480 na hábhair eile úd. Os a choinne sin, is mó ná riamh an líon daltaí ar rogha leo teangacha eile thar an nGaeilge.



Straitéis agus pobal

Irish abroad benefits from whatever helps Irish in Ireland. Irish abroad, however, should reflect local circumstances.

Labhair an tAire Pat Carey, príomh-aoire na Gaeilge, le déanaí leis an *Irish Times*, agus dóchas aige as an straitéis 20 bliain a bhfuil d'aidhm aici an teanga bheannaithe a chur á labhairt ar fud na hÉireann. Dúirt sé gurb é is mó a thugann dóchas dó 'a thuisceanaí is atá pobal na Gaeilge faoi na dúshláin atá romhainn'. Tá flosc chun oibre freisin, a dúirt sé, ar fhormhór na n-eagraíochtaí agus na ngrúpaí a bhaineann leis an scéal. Rinne sé tagairt don chun cinn suntasach a rinneadh cheana, ach shíl sé gurbh éigean breis tacaíochta a thabhairt do thuismitheoirí sa Ghaeltacht agus lasmuigh di, mar gur orthusan is mó a bheadh rath na teanga ag brath feasta. Bíonn rogha le déanamh acu nuair a shaolaítear leanbh dóibh: Gaeilge, nó Gaeilge agus Béarla, nó Béarla amháin.²

Faoi láthair is deacair muinín a chur sa straitéis sin thar mar a chuirfeá in aon iarracht oifigiúil eile a rinneadh ar chás na teanga a réiteach. Ní bheidh rath ar an straitéis ach sa mhéid a chuireann sé ar chumas daoine nach feidhmeannaigh stáit iad an teanga a chur chun cinn. Ní féidir leis an stát an teanga a shábháil ná fiú í a chur ar bhealach a leasa. Is féidir leis, áfach, cuidiú leis an obair sin.

An gníomh a dhéantar in Éirinn téann sé i bhfeidhm ar an teanga thar lear. Tá tábhacht le háiseanna Idirlín atá ar fáil do chách ar fud na cruinne, le maoiniú na teanga in ollscoileanna an domhain, le hÉireannaigh a bhaineann feidhm as a gcuid Gaeilge i dtír nua. Ní furasta a rá, áfach, cén toradh a bheidh ar an méid sin fiú i dtíortha a bhfuil sliocht na nGael le fáil go hiomadúil.

Daoine meánaosta is mó a gheofaí romhat i ranganna Gaeilge nó ag daonscoileanna san Astráil nó i Meiriceá Thuaidh. Daoine iad a bhfuil ard-spéis acu sa teanga, baois na hóige curtha díobh acu agus (le cúnadh Dé) tuiscint acu ar an saol. Má sheasann an tsláinte seasann an fonn, agus is maith ann iad. Ach ní hiad amháin atá ag teastáil chun pobal Gaeilge a dhéanamh, más pobal scaipthe féin é – agus is fada go bhfeicfear dlúthphobal Gaeilge arís sna tíortha úd. Caithfidh roinnt teaghlach Gaeilge a úsáid sa bhaile, caithfear an teanga a mhúineadh i roinnt scoileanna agus í a bheith ar fáil ar an ollscoil. Má thig le hEsperanto maireachtáil i mbéal na mílte (agus maireann) is féidir leis an nGaeilge a bheith beo bríomhar ar an gcoigríoch.



¹ 'Walsh urges halving Irish language budget,' Shane Ross and Nick Webb, *Sunday Independent*, 17/10/2010

² 'Tá todhchaí na teanga ag brath ar thuismitheoirí - Carey,' Pól Ó Muirí, *The Irish Times*, 20/10/2010

Fadhbanna Phapua

Indonesia's most troublesome province – now divided into Papua and West Papua – continues to foil good intentions.

Tá an Indinéis ag dul chun cinn ar a slí féin. Daonlathas bríomhar ann, agus roinnt seanchúiseanna achrainn réitithe, cé go bhfuil nós na hagóidíochta beo i gcónaí, agus mic léinn páirteach sa ghnó mar a bhí riamh. Tá an geilleagar ag bláthú: tháinig an Indinéis agus a leithéidí eile chucu féin sách gasta tar éis na héigeandála airgeadais, tá caipiteal ag teacht isteach ina shruth agus tá barrachas cuntais reatha ann.

Tá caidreamh nua ag an Indinéis agus ag Tíomór Thoir (Timor Leste) ar a chéile, agus Jose Ramos Horta, Uachtarán Thíomór Thoir, tar éis a fhógairt go bhfuil an-tábhacht leis an gceangal. Déanann a thírín féin 70% dá chuid trádála leis na Indinéis, agus sa tír úd a fhaigheann a lán Tíomórach óg oideachas ollscoile.³ Tá roinnt dídeanaithe ó Thíomór Thoir ag fillleadh abhaile ina gasraí anois le cabhair ó fheidhmeannaigh áitiúla.⁴

Ach tá cuid mhaith den Indinéis plódaithe, go háirithe Iáva, croí stairiúil an réigiúin agus neart bochtán ann – daoine ar beag an mhoill orthu a n-aghaidh a thabhairt ar Phapua soir ach deis a bheith acu chuige. Saol nua atá uathu, saol rathúil, i réigiún coillte móra agus tránna fada. Ach tá dream eile rompu amach, bunadh na háite, agus iad míshásta go maith.

Admhaíonn na húdaráis go bhfuil fadhbanna ann: an truailliú, leagarnach neamhdhlíthiúil, iascaireacht neamhdhlíthiúil, calaois. Anois agus arís tarraingítear aird ar fhadhb eile: drochiompar na bhfórsaí slándála agus iad ag baint buntáiste as an scarúnachas chun iad féin a bhuanú mar chosantóirí an náisiúin. Is gearr ó landáil fístéip ar YouTube a thaispeáin cuid den drochíde mhíleata, í pléite anois ag polaiteoirí⁵ agus léiriú inti ar a laghad smachta atá ag an rialtas lárnach ar a dtiteann amach ar an imeall. Is gearr ó thug na fórsaí slándála ruathar mór ar mhuintir na tuaithe mar a rinne go minic cheana, ag dó sráidbhailte agus teampall, ag bascadh agus ag céasadh.

Faoi láthair tá an réigiún roinnte ina dhá chúige, Papua agus Papua Thiar, rud a tharla tar éis don réigiún féinrialú a fháil sa bhliain 2001. Cuireadh forais riaracháin ar bun agus ceapadh feidhmeannaigh de chuid na háite. Aithníonn Jakarta, ar shlí amháin nó ar shlí eile, gur mór idir cultúr Phapua agus an dúchas Iávach, rud atá le feiceáil freisin i gcúrsaí creidimh: tá formhór na bPapuach ina gCríostaithe seachas ina Muslamaigh. Caitheann Jakarta i bhfad níos mó ar an réigiún ná ar chúige ar bith eile, ach is minic an t-airgead á chlifeáil, rud nach ndéantar i ngan fhios do na Papuaigh. Is í an chúis is mó atá le dlúthghreim Jakarta ar an réigiún mianach mór Freeport-McMoran a bheith ann, tionscadal atá ag tál ar an rialtas agus ar na fórsaí slándála araon. Ach leanann truailliú é agus cuid mhaith den cheantar máguaird scriosta aige.

Ní hé nach mbaineann na Papuaigh tairbhe éigin as an scéal. Tá poist arda le fáil sa chóras riaracháin acu, agus tá a lán céimí Papuacha ann a chuaigh ar ollscoileanna Indinéiseacha. Ach, mar a deir Petrus Tegeke, scoláire Papuach, i leabhar a tháinig amach le déanaí, baineann fadhbanna le dúchas an phobail féin, agus drochbhail dá bharr ar mhná go háirithe.⁶ Déantar leithcheal ar chailíní sa chóras oideachais ón mbunscoil amach, agus tá i

³ 'RI an important partner for Timor Leste,' *The Jakarta Post*, 9/10/2010.

⁴ 'Timor Leste refugees return home,' *The Jakarta Post*, 20/10/2010.

⁵ 'House to question TNI Chief over te in Papua,' *The Jakarta Post*, 18/10/2010.

⁶ Petrus Tegeke (a bhain amach céim sa dlí in ollscoil Chaitliceach in Semarang in Iáva Lárnach), *Perempuan Papua*, SH. Léirmheas le Carmel Budiardjo ar *Inside Indonesia*: <http://www.insideindonesia.org/stories/perempuan-papua-27061328>.

bhíad níos mó buachaillí ná cailíní sna meánscoileanna, gan trácht ar na hollscoileanna. Sa bhliain 1999 bhí 100,000 Papuach cláraithe sna hollscoileanna agus níos lú ná 20% acu ina mná. Déantar talamh slán de gurb é cúramh na bpáistí agus an tí atá i ndán do na mná, agus meastar sa chuid is iargúlta den réigiún nach fiú cailíní a chur ar scoil cheal bóithre agus áiseanna iompair.

Sa bhliain 1996 thosaigh Freeport-McMoran ag dáileadh 1% dá bhrabach ar úinéirí an talaimh a bhí scriosta ag an mianach. Ar an droch-uair, is iad na fir a fhaigheann an t-airgead agus is minic a théann siad ar an drabhlás leis. Thairis sin, ó chaill na mná a gcuid garraithe, caitheadh siad na mílte fada a shiúl chun broсна, tiúbair agus eile a bhailiú, agus leanaí ina mbaclainn acu.

Is beag cosaint a thugann an dlí do na mná, cé gurb iadsan is mó a sholáthraíonn an bia. Is beag a rinne na húdaráis Indinéiseach chun na fadhbanna a fhuascailt, agus cuireann Tegeke i leith na n-eaglaisí go ndearna siad an fhaillí chéanna.

Is uafásach fós an líon ban a fhaigheann bás i bPapua Thiar agus iad ag breith leanaí. I gceantair iargúlta cuirtear an milleán ar na mná má bhíonn deacrachtaí breithe ann, toisc gur léir gur mhaslaigh siad na sprideanna ar dhóigh éigin nó go raibh siad easumhal dá fear céile. Tá na clinicí gann agus is beag duine oile atá le fáil iontu. Tá SEIF á spré de dheasca drochshláinte agus an oiread sin seomraí óil a bheith ann – áiteanna ar gnách le fir luí le mná. Is minic síbíní in aice le háiteanna tionóil ar nós teampall agus baint acu leis an striapachas. Ní raibh maoiniú sláinte gann tar éis Acht an Fhénrialaithe Speisialta a chur i bhfeidhm sa bhliain 2001, ach caitheadh cuid mhaith de ar lucht riaracháin ón taobh amuigh.

Tá athbhreithniú iomlán le déanamh ar fheidhmiú an Achta i bPapua an bhliain seo chugainn – rud a bhfuiltear ag fanacht naoi mbliana leis. Tá sé molta go mbeadh cuspóirí soiléire ann chun conspóid a sheachaint.⁷ Tá naoi mír is seachtó sa reachtaíocht agus ní mór a fháil amach cé acu míreana nár cuireadh i bhfeidhm go fóill. Caithfear a lán rudaí a scrúdú – cúrsaí oideachais, sláinte, infreastruchtúir, geilleagair, cultúir, cearta daonna agus eile. Ní mór a fhiafraí conas a caitheadh airgead an chiste. Caithfear a dhéanamh amach cad iad na tréithe ar leith a bhaineann leis an bhféinrialú i bPapua, beag beann ar stádas réigiún eile ar nós Aceh.

Leanann na hinimircigh orthu ag plódú isteach, níor cuireadh smacht ar na fórsaí slándála fós, agus is beag leas a bhain na Papuaigh féin as an airgead a cuireadh in áirithe don réigiún. Ní mór é líon na scarúnaithe armtha, ach tá an míshámh ann. Is léir cén leigheas atá ag teastáil ach ní fios an ndéanfar é; agus is deacair an scarúnachas a mhúchadh le cineáltas.



Tibéidis sna scoileanna

Chinese authorities in a Tibetan autonomous region seem set on excluding the Tibetan language from the schools.

Dream scaipthe iad na Tibéadaigh sa tSín féin – cuid acu sa Tibéid, cuid eile sna réigiúin máguaird. A ndúchas féin acu i gcónaí, meas ag cuid acu ar a dteanga, agus na mílte mac léinn i mbun agóidíochta faoi chás na Tibéidise sna scoileanna.

Tháinig inní ar dhaoine nuair a foilsíodh plean oideachais Chúige Qinghai le haghaidh na ndeich mbliana atá le teacht, inní ar cuireadh bunús léi nuair a léadh alt le Qiang Wei, rúnaí an Pháirtí Chumannaigh, ar *Nuachtán Laethúil Qinghai* i Mí Mheán Fómhair: faoin mbliain

⁷ 'Thorough look into Papua autonomy,' Neles Tebay, Opinion, *The Jakarta Post*, 19/10/2010. Léachtóir é i Scoil Fajar Timur na Fealsúnachta agus na Diagachta in Abepura i bPapua.

2015 ba í an tSínis príomhtheanga na mbunscoileanna uile. Múineann roinnt mhaith scoileanna trí Shínis cheana, agus is amhlaidh go gcuireann a lán tuismitheoirí a gclann ar scoil trí Shínis ar son na bpost a bheadh ar fáil dá bharr. Ach is dóigh lena lán múinteoirí agus eile gur fearr a théann cumas machnaimh na ndaltaí chun cinn má fhaigheann siad bunscolaíocht sa teanga is líofa acu. Agus sin gan trácht ar chúrsaí dúchais. Chúláigh na húdaráis beagáinín ó shin, agus ionadh orthu, b'fhéidir, de bharr na hagóidíochta.

Bhí an chuid is mó de na hagóidí ar siúl sna bailte móra i Qinghai féin, réigiún neamhphlódaithe atá ag críochantacht le Réigiún Féinrialaithe Xinjiang thiar thuaidh, leis an Tibéid thiar theas, agus le cúpla cúige Síneach. Tá timpeall cúig mhilliún duine ann, pobal measctha a bhfuil 20% díobh ina dTibéadaigh, agus a bhformhór siúd le fáil i Maoracht Thibéadach Fhéinrialaithe Huangnan.

Deirtear go raibh breise is míle mac léinn ag déanamh agóide in Rebkong (*Tongren* i Sínis), contae ar Tibéadaigh iad 75% den phobal. A lán teampall ann, agus péinteáil *tanka* á cleachtadh ann.⁸ Is ann atá Mainistir Rongwo, ionad léinn a tógadh ceithre chéad bliain ó shin agus manaigh dhocheansaithe ann i gcónaí.

Bhí léirsiú in Beijing féin ag Ollscoil Minzu, ionad léinn a fhreastlaíonn ar mhic léinn de chuid na mionlach agus a bhfuil roinnt mhaith Tibéadach ann.

Sa Tibéid féin, áit a n-úsáidtear Tibéidis sna bunscoileanna, cuirtear treise ar an tSínis sa chóras oideachais ina iomláine. Is measa fós an scéal i limistéir eile, agus deirtear gur mhaith leis na húdaráis ábhar roghnach nó ábhar seach-churaclaim a dhéanamh den Tibéidis in Qinghai: i.e. fáil réidh léi más féidir.

'Education reforms anger Tibetans,' Michael Bristow, BBC News, Beijing, 27/10/2010.

'China: Tibetan students march to protest education policies,' Edward Wong, *The New York Times*, 21/10/2010.

**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@bigpond.com
nó chun coling.ryan@ato.gov.au.**

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to
rianach@bigpond.com or to coling.ryan@ato.gov.au.*

⁸ Péinteáil ar chadús nó ar shíoda a thaispeánann dia Búdaí, radharc naofa nó mandala, ar mhaithe le teagasc, le hurnaí agus go háirithe le dianmhachnamh. Í fillte ina scrolla de ghnáth.

Liam S. Gógan

Ar 12 Deireadh Fómhair bhí an Dr Louis de Paor (UCG) agus caint ar ‘Liam S. Gógan: Irish-Language Poet and 1916 Rising Veteran’ ag seimineár léinn Éireannaigh in Melbourne. Thug sé cuntas bríomhar ar Liam S. Gógan, file agus scoláire.

Rugadh Liam S. Gógan sa bhliain 1891 i mBaile Átha Cliath. Ba shólaisteoir⁹ rathúil é a athair, agus teaghlach náisiúnaíoch a bhí ann. Bhain Liam amach céim i gColáiste na hOlscoile Baile Átha Cliath. Sa bhliain 1913 fuair sé post san Iarsmalann Náisiúnta.

Bhí baint ag Gógan le Conradh na Gaeilge, agus i nGaeilge a chum sé a chuid filíochta. Bhí baint aige le hÓglaigh na hÉireann, agus chaill sé a phost san Iarsmalann tar éis Éirí Amach 1916. Fuair sé an post sin ar ais sa bhliain 1922.

Is iomaí¹⁰ alt a scríobh sé faoi chúrsaí seandálaíochta,¹¹ focleolaíochta agus staire. Chuidigh sé leis an Athair Pádraig Ó Duinnín eagrán nua dá fhoclóir mór a chur amach.

Bhí cáil air mar fhile, agus bhí rian na hEorpa ar chuid mhaith dá shaothar.¹² Deir criticeoirí éigin go bhfuil a chuid dánta róshaothraithe,¹³ ach is é tuairim Louis go bhfuil sofaisticiúlacht ar leith ag baint leis an gcuid is fearr acu.

Bhí lé aige le cultúr na Gearmáine, rud a spreag é chun taobhú leis an nGearmáin sa Dara Cogadh Domhanda. Ní dócha gur frith-Sheimíteachas a bhí i gceist, áfach: scríobh sé dán ag moladh bhunú stát Iosrael sa bhliain 1948.

Dúirt Louis gurbh aisteach an rud é Gógan a dhul i ndearmad chomh tapa sin tar éis a bháis agus an oiread sin clú air roimhe sin. B’fhéidir go raibh baint ag an scéal le deacracht a shaothair.

a teangacha

Deir daoine éigin gur ceart níos lú ama a chaitheamh ar mhúineadh na Gaeilge i scoileanna na hÉireann agus níos ama a chaitheamh ar theangacha eile. Ba chóir gan Gaeilge a mhúineadh do dhaltaí ar an meánscoil mura bhfuil an-suim acu inti.

Tá tábhacht le teangacha eile toisc, gan trácht ar aon rud eile, go bhfuil poist le fáil dá bharr. Ach b’fhiú a fhiafraí¹⁴ cén fáth nach féidir Gaeilge a mhúineadh le héifeacht¹⁵ ó thús agus teanga eile a mhúineadh ina teannta.

Deir cuid de lucht lucht gnó na hÉireann gur mithid modhanna teagaisc a athrú freisin agus geilleagar ann anois atá taobh le¹⁶ heolas agus seirbhísí. Moltar, mar shampla, go dtabharfaí níos mó airde¹⁷ ar an matamaitic, ós ábhar anailíseach í agus í an-oiriúnach do gheilleagar eolais.

Taispeánann na figiúirí gur mó go mór an líon daltaí cliste atá déanamh Gaeilge san Ardteist ná mar atá ag déanamh matamaitice, matamaitic fheidhmeach agus fisice le chéile. Ach is mó ná riamh an líon daltaí a roghnaíonn teangacha forleathana Eorpacha thar an nGaeilge.

⁹ Sólaisteoir – confectionary maker

¹⁰ Is iomaí - many

¹¹ Cúrsaí seandálaíochta – (matters of) archeology

¹² Cuid mhaith dá shaothar – much of his work

¹³ Róshaothraithe – too cultivated

¹⁴ B’fhiú a fhiafraí - it would be worth enquiring

¹⁵ Le héifeacht - effectively

¹⁶ Taobh le – dependent on

¹⁷ Go dtabharfaí níos mó airde – that more attention should be paid (ar – to)

Fadhbanna Phapua

Tá an Indinéis ag dul chun cinn. Tá rath ar an ngeilleagar¹⁸ agus tá cuid de na seanachrainn réitithe. Ach baineann fadhbanna móra fós le Papua, cúige atá roinnte anois ina dhá chuid¹⁹: Papua agus Papua Thiar.

Níl mórán daoine ina gcónaí ann i gcomórtas leis an gcuid eile den Indinéis,²⁰ agus is fada daoine ó Iáva, oileán plódaithe, ag cur fúthu sa reigiún Papuach. Ach tá difríochtaí móra cultúrtha idir an dá dhream, agus goidtear cuid mhaith den airgead a dháileann²¹ an rialtas ar mhuintir Phapua. Tá crainn á leagan agus iascaireacht á déanamh go neamhdhlíthiúil, tá an timpeallacht á truailliú, agus tugann na fórsaí slándála drochíde do mhuintir na háite. Tá na bóithre go dona. Fuair an réigiún féinrialú sa bhliain 2001, ach níor éirigh le haon duine na fadhbanna mór a fhuascailt.

Mar deir Petrus Tegeke, scoláire Papuach, baineann fadhbanna le dúchas an phobail féin. Tá drochbhail ar mhná go háirithe. Déantar leithcheal²² ar chailíní sa chóras oideachais ón mbunscoil amach. Is iad na mná is mó a sholáthraíonn an bia agus téann roinnt de na fir ar an drabhlás.²³ Is uafásach fós an líon ban a fhaigheann bás agus iad ag breith linbh.²⁴ Tá na clinicí gann agus is beag duine oilte a bhíonn ag obair iontu.

Tá athbhreithniú²⁵ iomlán le déanamh ar an bhféinrialú an bhliain seo chugainn. Idir an dá linn beidh an míshásamh ag méadú.

¹⁸ Tá rath ar an ngeilleagar - the economy is doing well

¹⁹ Roinnte ina dhá chuid - divided in two portions

²⁰ I gcomórtas leis an gcuid eile den Indinéis - in comparison with the rest of Indonesia

²¹ Dáileann ar - distributes to

²² Leithcheal - discrimination

²³ Téann ar an drabhlás - indulge in debauchery

²⁴ Ag breith linbh - giving birth

²⁵ Athbhreithniú - (administrative) review